

Cinneadh ón Údarás Baincéireachta Eorpach EBA/DC/610

an 27 Eanáir 2026

maidir le socruithe le haghaidh na feidhme bailíochtú na samhla éarlaise tosaigh faoi EMIR don tsamhail chaighdeánach éarlaise tosaigh (SIMM) a d'fhorbair an Comhlachas Idirnáisiúnta um Babhtálacha agus Díorthaigh (ISDA)

An Bord Maoirseoirí

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún¹ ('Rialachán ÚBE'), agus go háirithe Airteagail 1(2), 2, 8(1)(b) agus (j), 8 (1a)(a), 8(2)(j), 31(2)(a), (b) agus (f) agus 35 de, agus

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála² (an 'EMIR'), agus go háirithe Airteagal 18(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar amach in Airteagal 11(3) agus (12a) de EMIR gurb é ÚBE atá freagrach as samhlacha *pro forma* a bhailíochtú, agus as aon athrú orthu. Is samhail *pro forma* é SIMM ISDA mar sin. Maidir le bailíochtú SIMM ISDA, ba cheart gach gné d'fheidhm an bhailíochtaithe atá le déanamh ag ÚBE i gcomhréir le EMIR a shonrú a thuilleadh, agus ba cheart córas bailíochtaithe a chur i bhfeidhm go sealadach agus gan dochar d'Airteagal 89(11) EMIR, go dtí go mbeidh bunachar sonraí lárnach ESMA dá bhforáiltear in Airteagal 17c de EMIR inoibrithe.
- (2) I bhfianaise ról ÚBE mar bhailíochtóir lárnach freisin as ucht an fhaireacháin leanúnaigh a ndéanann sé, ba cheart an rannpháirtíocht is leithne is féidir sa chóras bailíochtaithe a lorg. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do ÚBE, do UEÁPC, do ESMA, do chontrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais a úsáideann SIMM ISDA, d'údaráis inniúla ábhartha, agus don Chomhlachas Idirnáisiúnta um Babhtálacha agus Díorthaigh (ISDA), a bheith rannpháirteach mar úsáideoirí an chórais bailíochtaithe ag idirghníomhú go héifeachtach chun an fhaisnéis is gá a mhalartú maidir le gach gné d'fheidhm an bhailíochtaithe.
- (3) Ba cheart an fhaisnéis go léir atá san áireamh sa chóras bailíochtaithe a chumhdach le creat dlíthiúil an Aontais maidir le rúndacht ghairmiúil, rúndacht agus cosaint sonraí pearsanta agus leis an rochtain ar an bhfaisnéis sin a sholáthraítear d'úsáideoirí i gcomhréir le Rialachán ÚBE. Ós rud é go mbreathnaítear níos mó agus níos mó anois ar ÚBE mar mhol suntasach sonraí, ba cheart an córas bailíochtaithe a chomhtháthú sa Bhonneagar Láraithe Eorpach um Shonraí

¹ IO L 331, 15.12.2010, lgh. 12-47.

² IO L 201 27.7.2012, lch. 1.

Maoirseachta (EUCLID) d'fhonn ualaí agus costais tuairiscithe a laghdú agus éifeachtúlacht a mhéadú do na húsáideoirí go léir.

- (4) Chun tacú le dea-fheidhmiú an chórais bailíochtaithe, ba cheart iarratais ar bhailíochtú a bheith faoi réir próiseas ionductaithe roimh ré. Chuige sin, ba cheart do ÚBE tús a chur le próiseas ionductaithe struchtúrtha chun an fhaisnéis uile is gá a bhailiú d'fhonn contrapháirtithe a shainaithint ach úsáid a bhaint as samhail SIMM ISDA. Ba cheart do na húdaráis inniúla ainmneacha agus mionsonraí ábhartha eile na gcontrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais a rinne iarratas ar údarú samhla éarlaise tosaigh bunaithe ar SIMM ISDA i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 11(3) de EMIR a sholáthar do ÚBE. Ag an am céanna, agus i gcomhréir le hAirteagal 11(12a), fomhír 2 de EMIR, ba cheart do ISDA comhoibriú le ÚBE ach faisnéis a sholáthar maidir le contrapháirtithe a úsáideann SIMM ISDA. D'fhonn dúbláil a sheachaint agus cruinneas sonraí a áirithiú, ba cheart do ÚBE an próiseas ionductaithe a chomhordú agus féadfaidh sé brath ar dheimhnithe ó údaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí.
- (5) Is gá a áirithiú go gcuirfidh na húdaráis inniúla agus ISDA faisnéis ar fáil go pras faoi chontrapháirtithe nua a úsáideann SIMM ISDA chun an próiseas ionductaithe a éascú ar ar a bhonn a chomhlíonfaidh contrapháirtithe a n-oibleagáid faoi EMIR iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú a samhla tríd an gcóras bailíochtaithe.
- (6) Chun deireadh a chur le haon ualach neamhriachtanach agus ag cur san áireamh go gceanglaítear ar ISDA faoi EMIR comhoibriú go héifeachtach le ÚBE chun críocha bailíochtaithe, ba cheart do ISDA a bheith freagrach as an bhfaisnéis uile is gá maidir leis an tsamhail agus aon nuashonrú uirthi a sholáthar go tráthúil. Ionas go mbeidh tuiscint iomlán ag ÚBE ar an tsamhail agus ar an nuashonrú samhla atá beartaithe, ba cheart a chumhdach leis an bhfaisnéis sin gnéithe ginearálta den tsamhail atá faoi réir an nuashonraithe agus nach bhfuil faoi réir an nuashonraithe araon.
- (7) Ba cheart do chontrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais ionductaithe a úsáideann SIMM ISDA iarratas a chur chuig ÚBE lena mbailíochtú tar éis do ÚBE a dheimhniú gur chuir ISDA faisnéis iomlán agus doiciméadacht tacaíochta maidir leis na heilimintí agus na gnéithe ginearálta de SIMM ISDA ar fáil tríd an gcóras bailíochtaithe nó ar aon mhodh eile a mheasann ÚBE a bheith iomchuí. Ba cheart a thiomhdiú go dtagraíonn iarratais mar sin, nuair a chuirtear isteach iad, do shamhail SIMM ISDA *pro forma*, agus go mbaineann siad léi mar a thugann ISDA tuairisc uirthi mar fhorbróir na samhla san fhaisnéis agus sa doiciméadacht tacaíochta a sholáthraítear do ÚBE. Próiseas dhá chéim mar sin – lena mbaineann, ar dtús, ISDA saineúlachtaí na samhla a chur isteach agus aon athrú uirthi agus ansin an t-iarratas ón gcontrapháirtí ar bhailíochtú a samhla ag ÚBE – ba cheart é a leanúint i gcomhthéacs aon athrú ar shamhail SIMM ISDA ina dhiaidh sin. Chun an éifeachtúlacht is mó is féidir a áirithiú, i gcás ina bhfaightear iarratas ar bhailíochtú tar éis SIMM ISDA atá ann faoi láthair a bhailíochtú, ba cheart an cinneadh maidir le bailíochtú a ghiniúint go huathoibríoch tríd an gcóras.
- (8) Ba cheart do ISDA fógra a thabhairt do ÚBE maidir le haon nuashonrú ar SIMM ISDA ach ba cheart do ÚBE solúbthacht a choinneáil chun measúnú a dhéanamh ar cé acu de na nuashonruithe sin is ionann agus athrú samhla a éilíonn bailíochtú. Níor cheart go spreagfadh ach nuashonruithe a bhreithnítear de rogha ÚBE mar athruithe ar an tsamhail an próiseas chun SIMM ISDA a bhailíochtú.

- (9) Ba cheart go n-áireofaí sa chéad bhailíochtú ar SIMM ISDA na nuashonruithe go léir agus na hathruithe ar an tsamhail go dtí an dáta a nglacfar an cinneadh tosaigh sin maidir le bailíochtú. Maidir le sprioc-am 6 mhí nó 3 mhí EMIR ar laistigh de a cheanglaítear go dlíthiúil ar ÚBE bailíochtú a dheonú nó a dhiúltú, ba cheart é a shonrú sa Chinneadh seo freisin agus tús a chur leis an gcéad iarratas a gheobhaidh ÚBE tríd an gcóras bailíochtaithe.
- (10) Ós rud é go n-úsáidtear SIMM ISDA go forleathan sa mhargadh domhanda, agus chun aon chur isteach ar an margadh a sheachaint, ba cheart do ÚBE leanúint ar aghaidh le bailíochtú a dheonú a luaite a chuirfidh ISDA an fhaisnéis uile is gá maidir leis an tsamhail isteach a mhéid nach measfaí an bailíochtú sin a bheith míchuí go follasach ag féachaint do dhálaí an mhargaidh ná don ghá atá le cobhsaíocht airgeadais a áirithiú, agus sa chás sin ba cheart an bailíochtú a dhiúltú. D'fhonn deimhneacht an mhargaidh a fheabhsú agus cobhsaíocht a chur chun cinn, níor cheart teorainn ama a bheith le bailíochtú SIMM ISDA, agus ar an gcúis sin amháin, ba cheart fíorú ar oiriúnacht leanúnach SIMM ISDA a bheith ag gabháil leis, rud ba cheart a áirithiú ach faireachán leanúnach a bheith á dhéanamh ag ÚBE ar an tsamhail mar a leagtar amach in Airteagal 11 (12a), an tríú fomhír de EMIR.
- (11) Le bailíochtú SIMM ISDA trí bhíthin cinneadh nach bhfuil teoranta ó thaobh ama de, éilítear go bunúsach go bhféadfaí an cinneadh sin a tharraingt siar go hiomlán nó go páirteach gan bhac, i gcás ina measann ÚBE, trína fhaireachán leanúnach nó ar bhonn *ad hoc* lena n-áirítear i gcásanna éigeandála, go mbeadh sé míchuí bailíochtú SIMM ISDA a choinneáil ar bun ag féachaint do dhálaí an mhargaidh nó don ghá atá le cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Ba cheart a áirithiú go dtarraingeoidh ÚBE siar bailíochtú SIMM ISDA, i gcás ina meastar go bhfuil a chothabháil míchuí, is cuma ar chomhlíon ISDA nó aon úsáideoir eile den chóras bailíochtaithe ar féidir moltaí mar sin a dhíriú air moltaí a rinne ÚBE le linn a fhaireacháin leanúnaigh. Ba cheart go dtarraingeofaí siar bailíochtú SIMM ISDA mar thoradh ar neamh-chomhoibriú ag ISDA freisin, ach amháin i gcás ina dtugtar a mhalairt le tuiscint ar chobhsaíocht airgeadais nó ar shláine an mhargaidh agus fad a thugtar an méid sin le fios, toisc go bhfágann neamh-chomhoibriú mar sin nach féidir faireachán leanúnach a dhéanamh ar oiriúnacht SIMM ISDA mar a cheanglaítear le EMIR.
- (12) Ós rud é go gcuireann an faireachán leanúnach le bailíochtú SIMM ISDA, is gá a shonrú cé na heilimintí ba cheart a áireamh ar a laghad san fhaireachán sin a dhéanann ÚBE. Chun trédhearcacht a áirithiú, ba cheart do ÚBE a phríomhthorthaí ón bhfaireachán sin a áireamh ina thuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in EMIR.
- (13) Tá sé de cheart éisteacht a fháil ag contrapháirtithe airgeadais nó neamhairgeadais, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag ÚBE gan bailíochtú a dheonú do SIMM ISDA nó bailíochtú a tharraingt siar go páirteach nó go hiomlán, agus sa chás sin amháin.
- (14) Is gá a áirithiú go gcomhoibreoidh úsáideoirí uile an chórais bailíochtaithe go héifeachtúil agus go héifeachtach le ÚBE chun a chur ar a chumas a fheidhm bhailíochtaithe a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do chontrapháirtithe ÚBE a chur ar an eolas má scoireann siad de SIMM ISDA a chomhlíonadh mar a bhailíochtaítear faoi láthair agus cuirfidh údaráis inniúla agus contrapháirtithe ÚBE ar an eolas faoi aon fhaisnéis is gá le haghaidh fheidhm an bhailíochtaithe ar bhonn leanúnach nó ar bhonn *ad hoc*.

(15) Chun freagrúlacht ama a áirithiú agus na prionsabail sheanbhunaithe maidir le tarmligean dleathach cúraimí á n-urramú ag an am céanna, ba cheart sainordú a thabhairt don Bhuanchóiste um Rialáil agus Beartas (SCRePol) bailíochtú a dheonú ar athruithe ina dhiaidh sin agus ba cheart don Bhord Maoirseoirí an bailíochtú tosaigh a dheonú ar SIMM ISDA agus cinneadh a dhéanamh maidir le haon bhailíochtú ina dhiaidh sin a dhiúltú nó cinneadh maidir le bailíochtú a tharraingt siar go hiomlán nó go páirteach. D'fhonn solúbthacht a fheabhsú, ba cheart sainordú a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin na cinntí teicniúla go léir ba ghá a dhéanamh chun an córas bailíochtaithe a oibriú agus chun feidhm an bhailíochtaithe a chomhlíonadh. Ba cheart an Bord Maoirseoirí a choinneáil ar an eolas faoi gach bailíochtú mar sin ag SCRePol ina dhiaidh sin, agus faoi chinntí an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, ach níor cheart go gcuirfeadh aon ní cosc ar an mBord Maoirseoirí sainorduithe mar sin a chúlghairm i gcás inarbh iomchuí.

(16) Chun an Cinneadh seo a ghlacadh, chuaigh ÚBE i gcomhairle le UEÁPC, le ESMA agus le ISDA, chomh maith leis na húdaráis inniúla a ghlacann páirt i struchtúr rialachais inmheánaigh ÚBE.

Tar éis cinneadh a dhéanamh mar a leanas:

Airteagal 1 – Ábhar agus raon feidhme

1. Bunaítear leis an gCinneadh seo córas faisnéise ('córas bailíochtaithe SIMM ISDA') mar shocruithe sealadacha go dtí go mbeidh bunachar sonraí ESMA dá bhforáiltear in Airteagal 17c EMIR inoibrithe.
2. Is iad ÚBE, ESMA, UEÁPC, údaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 2(13) de EMIR ('údaráis inniúla') agus contrapháirtithe airgeadais agus neamhairgeadais dá dtagraítear in Airteagal 11 de EMIR a úsáideann samhail SIMM ISDA ('contrapháirtithe') agus ISDA a bheidh ina n-úsáideoirí ar chóras bailíochtaithe SIMM ISDA ('úsáideoirí').
3. Beidh faisnéis a áirítear i gcóras bailíochtaithe SIMM ISDA cumhdaithe ag creat dlíthiúil an Aontais maidir le rúndacht ghairmiúil, rúndacht agus cosaint sonraí pearsanta de réir mar is infheidhme maidir le ÚBE. Rochtain i gcomhréir le hAirteagail 70, 71 agus 72 de Rialachán ÚBE.
4. Faisnéis a chuirfear faoi bhráid ÚBE trí chóras bailíochtaithe SIMM ISDA, measfar gur faisnéis í a chuirfear isteach tríd an mBonneagar Lártaite Eorpach um Shonraí Maoirseachta (EUCLID) agus beidh feidhm ag Cinneadh EBA/DC/2020/335 an 5 Meitheamh 2020 maidir le EUCLID, i dteannta aon leasuithe air, amach anseo.

Airteagal 2 – Ionduchtú contrapháirtithe

1. Cuirfidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis a áirítear in larscríbhinn 1 ar fáil do ÚBE, trí chóras bailíochtaithe SIMM ISDA nó ar aon mhodh eile a mheasann ÚBE a bheith iomchuí, maidir leis na contrapháirtithe uile a úsáideann samhail éarlaise tosaigh bunaithe ar SIMM ISDA agus a gceanglaítear orthu an t-údarú dá dtagraítear in Airteagal 11(3), an tríú fomhír de EMIR a lorg.
2. Cuirfidh údaráis inniúla an fhaisnéis atá in larscríbhinn 1 ar fáil gan mhoill mhíchuí do ÚBE maidir le haon chontrapháirtí a dhéanfaidh iarratas ar údarú mar sin tar éis dháta chur i bhfeidhm an chinnidh seo.

3. Cuirfidh ISDA an fhaisnéis atá in larscríbhinn 2 ar fáil do ÚBE tríd an gcóras bailíochtaithe SIMM ISDA nó ar aon mhodh eile a mheasann ÚBE a bheith iomchuí maidir le gach contrapháirtí nua a úsáideann SIMM ISDA a bhfuil sé de cheangal orthu an t-údarú dá dtagraítear in Airteagal 11(3), an tríú fomhír de EMIR a lorg.
4. Agus fógra faighte ó ÚBE, déanfaidh contrapháirtithe, gan moill mhíchuí, rochtain a fháil ar an gcóras bailíochtaithe chun an próiseas ionduchtaithe a chur i gcrích, lena n-áirítear trí chearta rochtana a shannadh do chóras bailíochtaithe SIMM ISDA ('úsáideoirí údaraithe'), agus ach glacadh leis an bhfoclaíocht.
5. Déanfaidh contrapháirtithe nach bhfuair an fógra dá dtagraítear thuas agus atá faoi oibleagáid iarratas a dhéanamh chuig ÚBE chun a samhail a bhailíochtú i gcomhréir le hAirteagal 11(3), an tríú fomhír de EMIR, an t-ábhar a tharchur chuig ÚBE. Déanfaidh an t-údarás inniúil ábhartha, díreach tar éis iarraidh a fháil ó ÚBE, an fhaisnéis is gá a chur ar fáil do ÚBE maidir le hionduchtú an chontrapháirtí sin.

Airteagal 3 – Soláthar fhaisnéis agus dhoiciméadacht tacaíochta SIMM ISDA, maille le haon nuashonrú orthu sin

1. Soláthróidh ISDA, i gcomhréir le hAirteagal 11 (12a), an dara fomhír de EMIR, gan moill mhíchuí do ÚBE trí chóras bailíochtaithe SIMM ISDA nó ar aon bhealach eile a mheasann ÚBE a bheith iomchuí, aon fhaisnéis agus doiciméadacht tacaíochta, lena n-áirítear faisnéis maidir le heilimintí agus gnéithe ginearálta, calabhrú, dearadh agus cumhdach ionstraimí, aicmí sócmhainní agus fachtóirí riosca atá ábhartha do SIMM ISDA agus maidir le haon cheann dá nuashonruithe.
2. Maidir leis an gcéad bhailíochtú SIMM ISDA, féachfaidh ISDA leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar:
 - (a) i gcás na samhla SIMM ISDA atá i bhfeidhm faoi láthair, gan moill mhíchuí tar éis don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm;
 - (b) le haghaidh aon nuashonrú atá beartaithe ar shamhail SMM ISDA atá i bhfeidhm faoi láthair, faoin 14 Lúnasa 2026.
3. Chun aon athrú ina dhiaidh sin ar SIMM ISDA a bhailíochtú, áiríteoidh ISDA go soláthrófar an fhaisnéis sin dá dtagraítear i mír 1 do ÚBE in aon chás tráth nach déanaí ná 14 seachtaine roimh an dáta a thiocfaidh aon nuashonrú chun bheith infheidhme.
4. Tabharfaidh ISDA fógra faoi gach nuashonrú ar SIMM ISDA agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile ina leith. I gcás nach ionann nuashonrú fógartha ag ISDA agus athrú ar dhearcadh ÚBE, lena n-áirítear sna cásanna dá dtagraítear i mír 6, leanfaidh an bailíochtú a deonaíodh roimhe sin d'fheidhm a bheith aige agus ní chuirfear tús leis an bpróiseas bailíochtaithe.
5. Measfar na nuashonruithe seo a leanas ar SIMM ISDA mar athruithe ar SIMM ISDA:
 - (a) leis an nuashonrú, athraítear bunús struchtúrach SIMM ISDA, lena n-áirítear dearadh, gabháil riosca nó toimhdí, nó déantar athbhreithniú substaintiúil ar láimhseáil spleáchais SIMM ISDA;

(b) is é an toradh a bhíonn ar an nuashonrú go ngabhann SIMM ISDA aicmí sócmhainní nua nó cineálacha rioscaí nua nó go mbaintear aicmí sócmhainní a gabhadh roimhe sin nó cineálacha rioscaí de SIMM ISDA.

6. Nuashonruithe nach ndéanann difear ach do na samhailpharaiméadair a eascraíonn as modheolaíocht SIMM ISDA atá ann cheana agus atá bailíochtaithe, lena n-áirítear nuashonruithe ar ualaí riosca agus comhghaolta, nó maidir le soiléirithe, mionchoigeartuithe doiciméadachta agus ceartúcháin nó uasghráduithe teicniúla, ní mheasfar gur athruithe ar SIMM ISDA iad.

Airteagal 4 – Iarratas ar bhailíochtú

1. Soláthróidh ÚBE deimhniú do na contrapháirtithe ionductaithe, trí chóras bailíochtaithe SIMM ISDA nó ar aon mhodh eile a mheastar a bheith iomchuí, gur chuir ISDA faisnéis agus doiciméadacht iomlán isteach le haghaidh SIMM ISDA i gcomhréir le hAirteagal 3.
2. Tar éis dóibh an deimhniú dá dtagraítear sa mhír roimhe seo a fháil, cuirfidh contrapháirtithe ionductaithe i bhfeidhm gan moill mhíchúí trí chóras bailíochtaithe SIMM ISDA nó ar aon mhodh eile a mheasann ÚBE a bheith iomchuí chun a samhail a bhailíochtú freisin á dhearbhu go gcomhlíonann sé seo go hiomlán samhail *pro forma* SIMM ISDA mar a thuairiscítear ag ISDA san fhaisnéis agus sa doiciméadacht tacaíochta a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 3.
3. Déanfar iarratais ina dhiaidh sin ar athrú ar SIMM ISDA a tháirgeadh go huathoibríoch ag an gcóras bailíochtaithe SIMM ISDA do gach contrapháirtí ionductaithe nár dhearbhaigh i gcomhréir le hAirteagal 6 (5) gur scoir siad de bheith ag comhlíonadh SIMM ISDA nó nach gceanglaítear orthu iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú agus ar údarú i gcomhréir le EMIR a thuilleadh.
4. I gcás ina bhfaighidh ÚBE iarratas ar bhailíochtú SIMM ISDA tar éis SIMM ISDA a bhailíochtú, deonófar bailíochtú don iarratas sin go huathoibríoch tríd an gcóras bailíochtaithe. Tagróidh an bailíochtú sin do SIMM ISDA mar a bailíoctaíodh é.

Airteagal 5 – Bailíochtú ISDA SIMM agus diúltú a bhailíochtaithe

1. I gcás inar chomhlíon ISDA Airteagal 3, deonóidh ÚBE bailíochtú SIMM ISDA nó aon athrú air sin, ach amháin i gcás inar follasach go bhfuil bailíochtú SIMM ISDA nó aon athrú air sin míchuí, dar le ÚBE, ag féachaint do dhálaí an mhargaidh nó don ghá atá le cobhsaíocht airgeadais a áirithiú.
2. Cumhdófar leis an gcéad bhailíochtú SIMM ISDA na nuashonruithe agus na hathruithe uile ar an tsamhail suas go dtí an dáta a thiocfaidh an cinneadh maidir le bailíochtú i bhfeidhm agus déanfar cinneadh ina leith i gcomhréir le mír 1 laistigh de 6 mhí ón gcéad iarratas a bheith faighte ag ÚBE i gcomhréir le hAirteagal 4.
3. Déanfar cinneadh maidir le bailíochtú aon athraithe ar SIMM ISDA i gcomhréir le mír 1 laistigh de 3 mhí ón gcéad iarratas a gheobhaidh ÚBE i gcomhréir le hAirteagal 4. Le haon chinneadh ina dhiaidh sin SIMM ISDA a bhailíochtú tar éis athrú a dhéanamh air, déanfar na cinntí maidir le bailíochtú roimhe sin a aisghairm agus cuirfear in ionad na gcinntí sin iad.
4. Beidh an bailíochtú nó an diúltú SIMM ISDA a bhailíochtú nó athrú a dhéanamh air dírithe ar na contrapháirtithe go léir a bhfuil iarratas déanta acu i gcomhréir le hAirteagal 4.

5. Ní bheidh teorainn ama le bailíochtú SIMM ISDA agus tarraingeofar siar é i gcomhréir le hAirteagal 6.

Airteagal 6 – Tarraingt siar bhailíochtú SIMM ISDA

1. I gcás ina léirítear san fhaireachán dá dtagraítear in Airteagal 7 go bhfuil sé míchuí, dar le ÚBE, bailíochtú SIMM ISDA a choinneáil ar bun, ag féachaint do dhálaí an mhargaidh nó don ghá atá le cobhsaíocht airgeadais a áirithiú, déanfaidh ÚBE bailíochtú mar sin a tharraingt siar go hiomlán nó go páirteach.
2. Fiú nuair nach bhfuil feidhm ag mír 1, tarraingeoidh ÚBE siar bailíochtú SIMM ISDA, i gcás nach gcomhoibríonn ISDA ar an mbealach a leagtar amach sa Chinneadh seo, lena n-áirítear i gcás nach soláthraíonn sé an fhaisnéis is gá, ach amháin i gcás ina gcuirfeadh tarraingt siar mar sin sláine an mhargaidh nó cobhsaíocht airgeadais i mbaol.
3. Déanfaidh ÚBE an cinneadh maidir le bailíochtú a tharraingt siar i gcomhréir le míreanna 1 nó 2, gan beann ar cé acu an bhfuil na moltaí dá dtagraítear in Airteagal 7(4) curtha chun feidhme ag a seolaithe.
4. Díreofar cinntí um tharraingt siar ar na contrapháirtithe go léir a bhfuil a samhlacha bailíochtaithe acu i gcomhréir leis an gCinneadh seo.
5. Déanfar bailíochtú SIMM ISDA a tharraingt siar go huathoibríoch tríd an gcóras bailíochtaithe SIMM ISDA d'aon chontrapháirtí a dhearbhaíonn i gcomhréir le hAirteagal 10(2), gur stop sé de bheith ag comhlíonadh SIMM ISDA bailíochtaithe ag ÚBE nó nach gceanglaítear air iarratas a dhéanamh a thuilleadh ar bhailíochtú agus ar údarú i gcomhréir le EMIR.

Airteagal 7 – Faireachán

1. Déanfaidh ÚBE faireachán leanúnach ar oiriúnacht an SIMM ISDA bailíochtaithe agus déanfaidh sé anailís ar aon saincheisteanna a thuairiscítear nó a thagann chun cinn ar shlí eile. Áireoidh sé a phríomhthorthaí sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 11(12a), an tríú fomhír de EMIR.
2. Áireofar san fhaireachán a dhéanfaidh ÚBE dá dtagraítear i mír 1 na gnéithe seo a leanas ar a laghad:
 - (a) comhlíonadh SIMM ISDA leis na critéir maidir le ceanglais ghinearálta, tréimhse earlaise faoi phriacal, calabhrú an pharaiméadair, éagsúlú, fálú agus fritháirimh riosca de réir na sócmhainne foluití nó ceanglais cháilíochtúla Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála dtaca le caighdeáin theicniúla rialála maidir le teicnící um maolú riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach³;
 - (b) measúnú ar chumhdach agus oiriúnacht na bhfachtóirí riosca, i bhfianaise forbairtí sa mhargadh agus teagmhais struis freisin;

³ IO L 340, 15.12.2016, lgh. 9-46

- (c) measúnú ar chalabhrú na samhla;
 - (d) measúnú ar fheidhmíocht fhoriomlán na samhla ar bhonn torthaí cúltástála;
 - (e) gnéithe eile a chuir ÚEÁPC, ESMA, na húdaráis inniúla nó ISDA in iúl do ÚBE.
3. Le faireachán ÚBE dá dtagraítear san Airteagal, ní chuirfear cosc ar ÚBE athmheasúnú a dhéanamh, ar bhonn *ad hoc*, lena n-áirítear i gcásanna éigeandála nó i bhforbairtí díobhálacha sa mhargadh, ar cé acu atá nó nach bhfuil bailíochtú SIMM ISDA fós iomchuí.
4. Sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 11(12a), an tríú fomhír de EMIR, féadfaidh ÚBE moltaí a dhéanamh maidir le haon saincheisteanna a mbeidh aghaidh le tabhairt orthu ag ISDA nó ag aon úsáideoir den chóras bailíochtaithe. D'fhéadfadh baint a bheith ag moltaí mar sin le rioscaí, fachtóirí nach bhfuil léirithe go leordhóthanach in SIMM ISDA bailíochtaithe, le raon feidhme an chur i bhfeidhm, le cumhdach ionstraimí agus aicmí sócmhainní, leis an gcalabhrú, nó le haon mhodheolaíocht eile ar bhonn SIMM ISDA bailíochtú ag ÚBE nó ar bhonn aon athrú atá beartaithe orthu.

Airteagal 8 – An ceart chun éisteacht a fháil

1. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag ÚBE gan bailíochtú a dheonú do SIMM ISDA nó bailíochtú a tharraingt siar go páirteach nó go hiomlán mar gheall ar mhí-oiriúnacht SIMM ISDA, tabharfar fógra do na contrapháirtithe a rinne iarratas ar bhailíochtú i gcomhréir le hAirteagal 4 nó a bhfuil a samhla bailíochtaithe faoin gCinneadh seo, maidir lena bhfuil beartaithe ag ÚBE agus tabharfar teorainn ama d'fhiche [20] lá gnó dóibh ar laistigh di a fhéadfaidh siad a dtuairimí a chur in iúl.
2. Déanfar an fógra agus léiriú na dtuairimí dá dtagraítear sa mhír roimhe seo trí chóras bailíochtaithe SIMM ISDA nó ar aon mhodh eile a mheasann ÚBE a bheith iomchuí.

Airteagal 9 – Trédhearcacht

1. Cuirfear aon chinneadh maidir le bailíochtú a dheonú nó a dhiúltú agus aon chinneadh maidir le bailíochtú a tharraingt siar go páirteach nó go hiomlán in iúl do na húsáideoirí go léir trí chóras bailíochtaithe SIMM ISDA.
2. Luafar in aon chinneadh maidir le bailíochtú a dhiúltú agus in aon chinneadh bailíochtú a tharraingt siar go páirteach nó go hiomlán na cúiseanna ar a bhfuil sé bunaithe agus cuirfear na contrapháirtithe ar an eolas faoi na leigheasanna dlíthiúla atá ar fáil faoin Rialachán ÚBE.
3. Déanfar aon chinneadh bailíochtú a dheonú nó a dhiúltú agus aon chinneadh bailíochtú a tharraingt siar go páirteach nó go hiomlán agus aon tuairim a chuirfear isteach i gcomhthéacs fheidhmiú an chirt chun éisteacht a fháil a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin ÚBE gan moill mhíchui mura rud é gurb é tuairim ÚBE go bhfuil an foilsiú sin ag teacht salach ar leas dlisteanach na n-institiúidí airgeadais sin, nó lena rúin ghnó a chosaint, nó go bhféadfadh sé feidhmiú ordúil agus sláine na margáí airgeadais nó cobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine san Aontas, nó cuid den chóras airgeadais sin, a chur i mbaol go mór.

Airteagal 10 – Soláthar faisnéise agus ceanglais maidir le comhar**1. Déanfaidh na húdaráis inniúla mar a leanas:**

(a) a áirithiú go bhfuil faisnéis chruinn agus cothrom le dáta sa chóras bailíochtaithe SIMM ISDA faoi na contrapháirtithe a rinne iarratas ar údarú i gcomhréir le hAirteagal 11(3), an tríú fomhír de EMIR d’aon samhail éarlaise tosaigh bunaithe ar SIMM ISDA; agus

(b) faisnéis a bhailíonn siad le linn an phróisis údaráithe tosaigh agus leanúnaigh ar leibhéal an eintitis maidir le SIMM ISDA nó maidir le haon athrú air a sholáthar do ÚBE trí chóras bailíochtaithe SIMM ISDA nó trí aon mhodh eile a mheasann ÚBE a bheith iomchuí.

2. Cuirfidh contrapháirtithe ÚBE ar an eolas trí chóras bailíochtaithe SIMM ISDA gan moill mhíchuí, i gcás inar scoir siad de SIMM ISDA a chomhlíonadh mar atá bailíochtaithe faoi láthair nó nach bhfuil ceangal orthu a thuilleadh iarratas a dhéanamh ar bhailíochtú agus ar údarú i gcomhréir le EMIR.**3. Cuirfidh úsáideoirí an fhaisnéis is gá ar fáil do ÚBE tríd an gcóras bailíochtaithe nó trí aon mhodh eile a mheasann ÚBE a bheith iomchuí chun bailíochtú agus measúnú a dhéanamh go héifeachtach ar oiriúnacht leanúnach SIMM ISDA, lena n-áirítear gan teorainn an fhaisnéis a leagtar amach san larscríbhinn.****4. Soláthróidh úsáideoirí do ÚBE, tríd an gcóras bailíochtaithe nó trí aon mhodh eile a mheasann ÚBE a bheith iomchuí, aon fhaisnéis agus sonraí breise a mheasfaidh ÚBE a bheith riachtanach chun a fheidhm bhailíochtaithe a thabhairt i gcrích.****5. Áireofar go táscach san fhaisnéis dá dtagraítear sa mhír roimhe seo faisnéis agus sonraí maidir le húsáid, feidhmíocht, calabráir nó cur i bhfeidhm SIMM ISDA, faisnéis agus sonraí maidir le méid na n-éarlaisí ríofa trí shamhlacha eangaí caighdeánaithe nó samhlacha éarlaise tosaigh, faisnéis cháilíochtúil maidir le roghanna sainráite gan samhlacha éarlaise tosaigh a úsáid, staidreamh maidir le cleachtaí réitigh agus díospóidí, sonraí maidir leis na díospóidí is tábhachtaí, agus staidreamh agus sonraí maidir le forlíontáin a chuirtear i bhfeidhm sa bhreis ar an éarlais tosaigh.****6. I dteannta na faisnéise agus na sonraí dá dtagraítear sna míreanna thuas a sholáthar, comhoibreoidh úsáideoirí, gan moill mhíchuí, le ÚBE chun a chur ar a chumas a fheidhm bhailíochtaithe a chur i gcrích, agus soláthróidh siad aon fhaisnéis a iarrfaidh ÚBE uathu tríd an gcóras bailíochtaithe nó ar aon bhealach a mheasfaidh ÚBE a bheith iomchuí.**

Airteagal 11 – Cinnteoireacht

1. I gcomhréir le hAirteagal 5 agus le hAirteagal 6, déanfaidh an Bord Maoirseoirí an chéad chinneadh chun bailíochtú SIMM ISDA a dheonú, cinneadh chun bailíochtú a dhiúltú agus cinneadh chun bailíochtú a tharraingt siar go hiomlán nó go páirteach.
2. Is é an Buanchóiste um Rialáil agus Beartas (SCRePol) a dhéanfaidh aon chinneadh ina dhiaidh sin bailíochtú a dheonú ar athrú ar SIMM ISDA, i gcomhréir le hAirteagal 5(1). Coinneofar an Bord Maoirseoirí ar an eolas go cuí faoi chinntí mar sin. Féachfaidh SCRePol le comhthoil a bhaint amach agus cinneadh á ghlacadh aige chun bailíochtú ar athrú ar SIMM ISDA a dheonú. In éagmais comhthola, glacfar an cinneadh trí thromlach simplí de chomhaltaí SCRePol ceaptha ag comhalta den Bhord Maoirseoirí a bhfuil vóta acu. Déanfar staonadh ó vótáil nó easpa tuairimí a chur in iúl a chomhaireamh i bhfabhar an chinnidh. I gcás ina gcinnfidh SCRePol nach mór diúltú d'athrú shamhail SIMM ISDA a bhailíochtú, seolfaidh sé a thogra chuig an mBord Maoirseoirí chun go ndéanfar an cinneadh deiridh.
3. Údaráítear an Stiúrthóir Feidhmiúcháin na cinntí seo a leanas a dhéanamh agus an Bord Maoirseoirí á choinneáil ar an eolas go cuí fúthu:
 - (a) faisnéis bhreise a éileamh nó comhar sonrach a iarraidh ar aon úsáideoir maidir le saincheist shonrach a bhaineann le cur i bhfeidhm an Chinnidh seo; agus
 - (b) raon feidhme, ábhar, formáid, minicíocht, dátaí tagartha, rialacha TF, rialacha bailíochtaithe agus treoracha maidir leis an bhfaisnéis agus na sonraí a áirítear i gcóras bailíochtaithe SIMM ISDA a shonrú, cuspóir próiseála aon sonraí pearsanta agus an ceart rochtana ar chóras bailíochtaithe SIMM ISDA a chinneadh agus aon riail oibríochtúil nó sonraíocht theicniúil eile is gá a leagan amach ('sonraíochtaí teicniúla chóras bailíochtaithe SIMM ISDA') chun an Cinneadh seo a chur i bhfeidhm.

Airteagal 12 – Forálacha críochnaitheacha

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Márta 2026.

Arna dhéanamh i bPáras,

José Manuel Campa
Cathaoirleach

Thar ceann an Bhoird Maoirseoirí

IARSCRÍBHINN 1

Soláthrófar an fhaisnéis a léirítear thíos le haghaidh gach eintitis dhlíthiúil (i.e. contrapháirtí de réir bhrí EMIR) atá bunaithe in LEE atá faoi réir an cheanglais éarlais tosaigh a mhalartú i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún ⁴ ('RTS Comhpháirteacha ÚMEnna ar dhíorthaigh thar an gcuntar neamh-imréitithe) agus is úsáideoir ceadúnaithe SIMM ISDA é – cibé acu ina aonar nó mar chuid de ghrúpa (i.e. LEE nó neamh-LEE)

Faisnéis aitheantais

- Ainm an eintitis dhlítheanaigh;
- Cód LEI;
- Cineál an eintitis (e.g. contrapháirtí neamhairgeadais, institiúid creidmheasa, gnólacht infheistíochta, gnóthas le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI), ciste infheistíochta malartach (CIM), cuideachta árachais);
- An tír ina bhfuil an t-eintiteas bunaithe;
- An t-údarás inniúil atá freagrach as údarú samhla éarlaise tosaigh an eintitis;

Faisnéis faoin méid éarlaise tosaigh

- Measúnú ar an mbuicéad (i.e. Céim 1 go Céim 6) lena mbaineann an t-eintiteas faoi láthair i gcomhréir le hAirteagal 36 de chaighdeán theicniúla rialála chomhpháirteacha ÚMEnna maidir le díorthaigh thar an gcuntar neamh-imréitithe (e.g. AANA > EUR 3000 bn, EUR 8 bn < AANA ≤ EUR 50 bn);
- An tásc cibé an bhfuil meánmhéid barúlach míosúil gan íoc de dhíorthaigh OTC nach bhfuil imréitithe go lárnach ag an eintiteas de EUR 750 bn ar a laghad ar leibhéal an ghrúpa, dá dtagraítear in Airteagal 11(15), an chéad fhomhír, pointe (aa) de EMIR (Is ea/Ní hea);

Sonraí teagmhála agus TF

- Seoladh ríomhphoist feidhmiúil na foirne atá i gceannas ar údarú samhla éarlaise tosaigh ag an eintiteas;
- Réimsí ríomhphoist atá in úsáid ag an eintiteas;

⁴ IO L 340, 15.12.2016, lgh. 9-46

- Faisnéis teagmhála do theagmhálaí a haon.
Beidh duine teagmhála a haon freagrach as bainistiú a dhéanamh ar rochtain an chontrapháirtí ar chóras bailíochtaithe ÚBE maidir le bailíochtú SIMM ISDA. D'fhéadfadh ról aighnitheora sonraí maidir le bailíochtú a bheith ag an teagmhálaí seo freisin:
 - Ainm agus sloinne
 - Ról san institiúid
 - Seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin.
- Sonraí teagmhála theagmhálaithe a dó agus a trí.
Beidh ról aighnitheoirí sonraí maidir le bailíochtú samhla éarlaise tosaigh ag teagmhálaithe a dó agus a trí:
 - Ainm agus sloinne
 - Ról san institiúid
 - Seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin.

Faisnéis faoin ngrúpa lena mbaineann an t-eintiteas

Sa chás gur cuid de ghrúpa LEE é an t-eintiteas, i.e. is fochuideachta dhíreach nó indíreach é d'eintiteas eile atá lonnaithe in LEE, léireofar an méid seo a leanas don ghrúpeintiteas is airde rangú atá lonnaithe in LEE ('máthairchuideachta LEE deiridh'):

- Ainm na máthairchuideachta deiridh LEE;
- Cód LEI na máthairchuideachta deiridh LEE;
- An tír ina bhfuil an mháthairchuideachta deiridh LEE bunaithe;
- Cineál na máthairchuideachta deiridh LEE (e.g. contrapháirtí neamhairgeadais, institiúid creidmheasa, gnólacht infheistíochta, gnóthas le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCU), ciste infheistíochta malartach (CIM), cuideachta árachais).

Ina theannta sin, i gcás ina bhfuil eintitis dhlíthiúla mar chuid de ghrúpa neamh-LEE (i.e. tá máthairchuideachta deiridh an ghrúpa lonnaithe lasmuigh de LEE), léireofar an méid seo a leanas don eintiteas grúpa is airde rangú atá lonnaithe lasmuigh de LEE ('máthairchuideachta deiridh neamh-LEE')

- Ainm na máthairchuideachta deiridh neamh-LEE;
- Cód LEI na máthairchuideachta deiridh neamh-LEE;
- An tír ina bhfuil an mháthairchuideachta deiridh neamh-LEE lonnaithe;

- Cineál na máthairchuideachta deiridh neamh-LEE (e.g. contrapháirtí neamhairgeadais, institiúid creidmheasa, gnólacht infheistíochta, gnóthas le haghaidh comhinfeistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI), ciste infheistíochta malartach (CIM), cuideachta árachais)).

Soláthróidh údaráis inniúla an fhaisnéis san fhormáid agus de réir na dtreoracha atá sonraithe ag ÚBE.

IARSCRÍBHINN 2

Soláthrófar an fhaisnéis a léirítear thíos le haghaidh gach eintitis dhlíthiúil (i.e. contrapháirtí de réir bhrí EMIR) atá bunaithe sa LEE atá faoi réir an cheanglais éarlais tosaigh a mhalartú i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún ⁵ ('RTS Comhpháirteacha ÚMEnna ar dhíorthaigh thar an gcuntar neamh-imréitithe) agus tá sé anois ina úsáideoir ceadúnaithe SIMM ISDA – cibé acu ina aonar nó mar chuid de ghrúpa (i.e. LEE nó neamh-LEE)

Faisnéis aitheantais

- Ainm an eintitis dhlítheanaigh ar an leibhéal aonair;
- An tír ina bhfuil an t-eintiteas bunaithe;
- Cód LEI.

⁵ IO L 340, 15.12.2016, lgh. 9-46